C/2026/5006

28.9.2026

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Meán Fómhair 2026

lena ndéantar duine a chur in ionad lánchomhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair thar ceann na Cipire

(C/2026/5006)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair [1], agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 5 Márta 2025 [2], cheap an Chomhairle lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 6 Márta 2025 go dtí an 5 Márta 2028.

(2) Tá suíochán lánchomhalta i gcatagóir na n-ionadaithe rialtais tagtha chun bheith folamh anois mar gheall ar Aristodemos ECONOMIDES a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas na Cipire don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Chrysanthos SAVVIDES ina lánchomhalta den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Aristodemos ECONOMIDES go ceann a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 5 Márta 2028.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE

[1] IO C 218, 13.9.2003, lch. 1.

[2] Cinneadh ón gComhairle an 5 Márta 2025 lena gceaptar lánchomhaltaí agus comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (IO C, C/2025/1689, 13.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1689/oj).